

Bileog 10.1

Breac síos liosta de na baill éadaigh ar fad atá ar eolas agat. Nuair atá sé sin déanta agat cuir do liosta féin i gcomparáid le liosta an duine in aice leat.





Cad iad na bealaí éagsúla atá ar eolas agat le *I have to* a rá as Gaeilge?




Súil Siar 'a cheannach' – cén ghné den ghramadach é seo? Pléigh.

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí beirt ar na pictiúir thíos. Léiríonn na pictiúir na gníomhaíochtaí éagsúla a bheidh sibh ag déanamh an samhradh seo. Abraigí le chéile cad atá le ceannach agaibh do na gníomhaíochtaí sin. Mar shampla:

Tá bainis Shíle ann an samhradh seo agus caithfidh mé gúna a cheannach!

Tá mé ag imeacht ar laethanta saoire gan mhoill agus tá bróga nua de dhíth orm!



Bileog 10.



Tá tú féin agus an duine in aice leat i ndiaidh bogadh isteach i dteach nua! Breacaigí síos na hearraí tí ar fad atá ag teastáil uaibh.



Scríobh an fhoirm cheart den fhorainm réamhfhoclach *uaim* i ngach pearsa.

pláta/plátaí
cupán/cupáin



An bhfuil a leithéid de rud ann is ‘forainm réamhfhoclach’ i do theanga dhúchais féin?

Smaoinigh ar na nithe atá ag teastáil uait i do theach féin anois agus abair leis an duine in aice leat cad iad.

Éist le Pól agus a bhean ag déanamh liosta de na hearraí ar fad atá ag teastáil uatha dá dteach nua.

- Breac síos ar a laghad 5 earra atá ag teastáil uathu.
- An bhfuil aon rud ar an liosta nach dtuigeann tú?
- Féach cad a scríobh an duine in aice leat.

1. An dtuigeann tú féin agus an duine in aice leat an fógra thíos faoi óstán i gCo. Chiarraí? Léigí é le chéile.
2. An dtuigeann sibh na focail seo sa bhfógra? An gcabhraíonn comhthéacs leat focail a thuiscint?

béim/tolglann/tránna gainmheacha

3. Cad eile nach luaitear san fhógra a bheadh le fáil sna seomraí, dar libh?

Bailte Imeachtaí Lóistín Gníomhaíochtaí Taisteal

CIARRAI

Óstán Smerbhic


Suíomh

Baile an Fheirtéaraigh.

Grád

Óstán

Tá beár ar an sean nós agus bialann ina gcuirtear béim ar bhia mara in Óstán Smerwick Harbour. Tá an tÓstán ar Mhór Chuaird Chinn Sléibhe, 2 km ó Shéipéilín Ghallaraís. Gach seomra en suite (seomraí teaghlaigh chomh maith), le teilifís, líne dhíreach fóin agus áiseanna tae / caife. Tolglann scóipiúil ann. Cuirtear béim ar bhia mara áitiúil agus ar stéigeacha gríosctha. Bia den scoth ar fáil sa bheár chomh maith. Na trána gainmheacha is fearr in Éirinn in aice an óstáin.



Saorfón (Eire): 1800 621 600 Saorfón (An Bhreatain): 0800 7835708 Idirnáisiúnta: + 353-66-9152423 Faics: + 353-66-9152429 Epost: info@gaelsaoire.ie

Bileog 10.3

Ag obair leis an duine in aice leat:

- (1) Déanaigí liosta de na cineálacha éagsúla seodra atá le fáil.
- (2) Déanaigí bhur machnamh ar na bealaí éagsúla atá ar eolas agaibh chun an cheist seo a chur: *Would he/she like it, do you think?*

Ag ceannach bronntanas

1. Seo thíos pictiúir de na daoine ar fad go gcaithfidh tú bronntanais a cheannach dóibh. Breac síos cén gaol atá agat leis na daoine seo, cén fáth a gcaithfidh tú bronntanas a cheannach dóibh agus cén bronntanas a cheannóidh tú dóibh. Mar shampla:

	Mo mhac a bhreithlá leabhair scoile
	
	
	
	
	
	


2. Anois cuir ceist ar an duine in aice leat cad a cheapann sé/sí faoi na bronntanais éagsúla atá ar intinn agat a cheannach! Féach ar an abairt seo:

An dóigh leat gur mhaith léi scaif?

An dtaitneoidh leabhair scoile leis, meas tú?

Bileog 10.4

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Caithfidh sibh bronntanas a cheannach do chara libh, dá b(h)ainis. Roghnaíghí an bronntanas ón phictiúr thíos – caithfidh sibh an bronntanas is oiriúnaí a fháil trí rudaí éagsúla sa phictiúr a phlé. Féachaigh ar na habairtí faoin phictiúr le cuidiú libh.



- Tá dath deas ar an stól sin.
- Tá na hearraí ar an idirlíon i bhfad róchostasach.
- **Bheadh** an clog sin foirfe d'Áine.
- Tá na spúnóga móra **níos oiriúnaí**.

Cén Ghaeilge a chuirfeá air seo?



Bheadh – Cén ghné den ghramadach é seo? Bain úsáid as leabhar gramadaí leis na briathra seo - *bí, taitin* agus *caith* a scríobh san aimsir atá i gceist agus i ngach pearsa.

Abair leis an duine in aice leat faoi na bronntanais éagsúla atá le ceannach agat i mbliana.




níos oiriúnaí: Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cén ghné den ghramadach atá i gceist le **níos oiriúnaí**?
2. Bainigh úsáid as na patrúin a leanas leis na rialacha a bhaineann leis an ghné áirithe seo den ghramadach a chur ar fáil:
faiseanta – níos faiseanta
oiriúnach – níos oiriúnaí
suimiúil – níos suimiúla
3. Cad é an t-athrú a thagann ar na haidiachtaí mírialta seo tar éis ‘níos’: saor, daor, gairid, fada, deas, olc, maith, óg, ramhar, álainn, te, sean, mór, beag.

Bileog 10.5

Pictiúir le gearradh ag an múinteoir.



Bileog 10.6 Paisean Faisean

Beidh tú féin agus an duine in aice leat ag léamh píosa a bhí le fáil ar an suíomh idirlín www.gaelport.com faoin chlár teilifíse *Paisean Faisean*. Ar dtús pléigí aon eolas atá agaibh faoin chlár seo – an féidir libh buille faoi thuairim a thabhairt faoin ábhar? Ansin léigí an píosa amach os ard dá chéile agus déanaigí plé ar na ceisteanna ag bun an leathanaigh.

Féachai gí ar na focail/na frásaí sa bhosca thíos – an féidir libh brí na bhfocal a thomhas tar éis an t-alt a léamh?



gléasta	léirithe	éileamh
an-bharúil	dúshlan	
an ghalántacht		is ansa léi

Tá an clár seo, ar a mbíonn na cailíní gléasta ag na buachaillí, agus atá léirithe ag an gcomhlacht *Magma Films* atá lonnaithe i nGaillimh, anois ina tríú sraith mar go bhfuil éileamh an-mhór air. Is léir gur cuma leis an lucht féachana faoi theanga an chláir mar tá na scóranna féachana i measc na scóranna is airde atá faighte ag TG4 riamh.

Gach seachtain tugann triúr buachaillí faoin dúshlán éadaí a roghnú do chailín nár bhuaill siad léi riamh agus fonn orthu í a mhealladh. Bíonn torthaí an-bharúil ar a n-eachtraí agus na fir óga bhochta ag iarraidh déanamh amach céard í an difríocht idir sciorta agus gúna agus iad ag súil le béile románsúil a roinnt le bean álainn. Roghnaíonn an cailín na héadaí is ansa léi agus an fear a théann leis na héadaí sin, ag tabhairt le chéile péire de na rudaí is fearr le mná - an grá agus an ghalántacht.

Pléigh na ceisteanna seo thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.



1. An bhfaca tú an clár *Paisean Faisean* ariamh?
2. Ar cheart do leannán éadaí a cheannach dá pháirtí?
3. An rachfá féin ar chlár mar seo?
4. An maith leat a bheith ag siopadóireacht le haghaidh eadaí?

Bileog 10.7

Smaoinigh féin agus an duine in aice leat ar na haidiachtaí ar fad atá ar eolas agaibh a bhaineann le héadaí:

scaoilte, seanfhaiseanta, _____

**Rólghníomhaíocht: An comhairleoir faisin!**

1. Bíodh triúr ag obair le chéile.
2. Tabharfaidh an múinteoir saghsanna difriúla éadaí do gach grúpa.
3. Caithfidh duine B agus duine C pictiúr (éadaí) an duine a roghnú do dhuine A.
4. Caithfidh duine B agus C a rá cén fáth ar roghnaigh siad na saghsanna sin éadaí do dhuine A.
5. Caithfidh duine A na héadaí is deise leis/léi (a phioc an bheirt eile dó/di) a roghnú ansin agus a rá cén fáth gur roghnaigh sé/sí na héadaí áirithe sin.
6. Gheobhaidh an duine a roghnaigh na héadaí cearta pointe amháin.
7. Leanfaidh an cluiche ar aghaidh mar sin go dtí nach bhfuil aon éadaí fágtha.
8. Beidh an bua ag an duine leis an méid is mó pointí– is é an duine sin an comhairleoir faisin is fearr!
9. Féachaigí ar an chomhrá seo chun cabhrú libh:



Duine B: Is maith liomsa an sciorta agus an blús seo. Sílim go bhfuil an dath glas sin an-deas ort. Sílim chomh maith, go bhfuil an stíl foirfe don samhradh.

Duine C: Roghnaigh mise na brístí seo duit mar go bhfeileann an stíl duit, agus tá an dath ar an ngeansaí galánta.

Duine A: B'fhearr liomsa na brístí agus an geansaí caithfidh mé a rá - ní chaithim sciortaí go deo i ndáiríre.

Tá Ciara agus Clár ag siopadóireacht le haghaidh éadaí. Éist leis an chomhrá ar an téip agus freagair na ceisteanna.



1. Cad atá cearr leis an sciorta a bhfuil dúil ag Ciara ann?
2. Cad é a cheannaigh Ciara?
3. Cén fáth nár cheannaigh Clár na bróga sa deireadh?
4. Cad é an chéad siopa eile a bhfuil siad ag dul ann?

Bileog 10.8

Ar an téip chuala sibh *Cén uimhir bróige a chaitheann tú?* An féidir leat an struchtúr céanna a úsáid más ag caint faoi shaghsanna éagsúla éadaí atá tú? Pléigh leis an duine in aice leat.

Anois cuirigí beirt an comhrá thíos san ord ceart. Beidh sibh ag éisteacht leis ar an téip ar ball le seiceáil an raibh an ceart agaibh.

- Tá sé go hálainn ach b'fhéidir go bhfuil sé rótheann. Ar mhaith leat uimhir eile?
- Tá sé sin i bhfad níos fearr - gheobhaidh mé é, ceapaim. Anois caithfidh mé bróga a cheannach!
- Ceart go leor. B'fhéidir go mbeadh uimhir a dó dhéag níos fearr.
- Cén uimhir bróige a chaitheann tú? Tá cuaráin ghalánta anseo a bheadh foirfe leis an sciorta!
- Is dóigh liom go n-oireann an sciorta seo dom acht tá sé beagáinín rótheann orm. Cad a cheapann tusa?
- Seo uimhir a dó dhéag duit - triail ort é sin go bhfeice mé.
- Go hiontach - triailfidh mé iad. Caithim uimhir a cúig de ghnáth.

Éist leis an téip anois le feiceáil an raibh an ceart agaibh! Breac síos na focail nach raibh ar eolas agat roimhe seo agus déan plé leis an duine in aice leat faoi bhrí na bhfocal. Féachaigí beirt ar an phictiúr seo thíos agus cumaigí comhrá samplach idir an triúr sa phictiúr.

Jenny

Nicola

Anne